RÚN (AE) 2022/1759 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0101/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 28 386 398 buiséad críochnaitheach an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde ('an tÚdarás') don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 4,60 % i gcomparáid le 2019; de bhrí go bhfuil an tÚdarás á maoiniú le ranníocaíocht ón Aontas (EUR 10 489 363, arb ionann é agus 36,59 %) agus le ranníocaíochtaí ó údaráis faireacháin náisiúnta ó na Ballstáit (EUR 17 491 035, arb ionann é agus 61,63 %);

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt'), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde don bhliain airgeadais 2020 ('tuarascáil na Cúirte'), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla an Údaráis beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. á thabhairt dá haire gur mór aici, de thoradh ar iarrachtaí faireacháin buiséid, go raibh ráta cur chun feidhme de 100 % ann i rith bhliain airgeadais 2020, ar aon dul le 2019; á thabhairt dá haire go raibh ráta forghníomhaithe 82,80 % ann le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a léiríonn laghdú 2,83 % i gcomparáid le 2019;

2. Á thabhairt dá haire barúil na Cúirte nár chuir an tÚdarás an t-ús déanach, a shonraítear sa Rialachán Airgeadais, chun feidhme ar íocaíochtaí déanacha ranníocaíochtaí 2020 ó údaráis inniúla náisiúnta (UINanna) roinnt Ballstát agus tíortha CSTE agus gur EUR 9 952 méid an úis gan íoc arna chinneadh ag an gCúirt; á thabhairt dá haire gur chinn an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, an t-ús ar íocaíocht dhéanach a chur chun feidhme agus gur chuir sé na UINeanna ar an eolas faoi sin sna litreacha a seoladh chucu faoina ranníocaíochtaí in 2021; á chur in iúl gur díol sásaimh di gníomhaíochtaí ceartaitheacha an Údaráis ina leith sin;

Feidhmíocht

3. á thabhairt dá haire go mbaineann an tÚdarás úsáid as bearta áirithe amhail eochairtháscairí feidhmíochta chun an luach breise a chuireann na gníomhaíochtaí sin ar fáil a mheas chomh maith le bearta eile chun bainistiú a bhuiséid a fheabhsú; á thabhairt dá haire gur mór aici, ainneoin na ndeacrachtaí a bhain le géarchéim phaindéim COVID-19, gur baineadh amach gach aon sprioc seachas aon cheann amháin agus na hiarrachtaí b'éigean don Údarás a infheistiú i mbainistíocht géarchéime, chomh maith lena chlár oibre a chur chun feidhme;

4. á thabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás 295 tháirge agus seirbhís, nó 88 % den iomlán, a sholáthar in am, gur bhain moilleanna beaga le 26 tháirge agus seirbhís eile agus go raibh 13 cinn nár tugadh ar aghaidh, go minic mar gheall ar thús áite a thabhairt d'éilimh phráinneacha eile de thoradh na géarchéime COVID-19;

5. á thabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí déanta ag an Údarás i dtaobh bainistiú géarchéime de bharr phaindéime COVID-19, lenar súdh acmhainní do bhearta maolaithe inmheánacha (amhail teilea-oibriú) agus do bhainistiú géarchéime araon maidir lena phríomhphróisis oibríochtúla agus a ról maoirseachta;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 161.

6. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach atá ag an Údarás chun rannchuidiú go gníomhach le creat rialála agus praiticiúil an Aontais don inbhuanaitheacht a fhorbairt, creat a bhfuil gá leis chun uaillmhian pholaitiúil agus amchlár práinneach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chomhlíonadh; á thabhairt dá haire, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil sainordú tugtha ag an gCoimisiún don Údarás chun imscrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht chomhshaoil, shóisialta agus rialachais chóras stuamachta Shócmhainneacht II, agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht reatha Threoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (Treoir IORP II) ó thaobh dearcadh fadtéarmach de; á chur in iúl go láidir go n-áirítear i sainordú an Údaráis maidir le hinbhuanaitheacht rannchuidiú le hathléimneacht an chórais airgeadais in aghaidh rioscaí fisiceacha (amhail tubaistí nádúrtha) a chosaint chomh maith; á chur in iúl gur geal léi obair an Údaráis maidir le rioscaí inbhuanaitheachta a bhainistiú i rith 2020, mar shampla trí anailísí íogaireachta, páipéir mhachnaimh, tuarascálacha, ceardlanna agus comhairliúcháin;

Beartas foirne

7. á thabhairt dá haire gur athcheapadh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis an 29 Meán Fómhair 2020 don dara téarma cúig bliana;

8. á thabhairt dá haire, amhail an 31 Nollaig 2020, go raibh 100 % den phlean bunaíochta i bhfeidhm agus go raibh 127 ngníomhaire sealadach ceaptha as an 127 ngníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le115 phost údaraithe in 2019); á thabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 29 ngníomhaire ar conradh agus 19 saineolaí náisiúnta ar iasacht fostaithe ag an Údarás in 2020 (le 39 bpost agus 27 bpost údaraithe faoi seach);

9. á thabhairt dá haire gur geal léi gur lean an tÚdarás, agus é i mbun cianoibre, lena chuid earcaíochta go cianda, gur lean sé ag cur béime ar na próifílí cuí a bheith aige lena chinntiú go leanfaí de shainordú an Údaráis a chomhlíonadh, agus gur lean an tÚdarás le daoine nua a lánpháirtiú le linn na bliana trí sheisiúin ionduchtaithe ar leith a chur ar fáil dóibh chomh maith leis an tacaíocht riachtanach do dhaoine a thagann ag obair leis an Údarás go cianda;

10. á thabhairt dá aire go bhfuil seisear fear (75 %) agus beirt bhan (25 %) i bpoist ardbhainistíochta, ceathrar fear (57,1 %) agus triúr ban (42,9 %) ar a bhord bainistíochta, agus 81 fhear (48,5 %) agus 86 bhean (51,5 %) ina fhoireann fhoriomlán; a chur in iúl gur oth léi an éagothroime inscne ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus á iarraidh ar an Údarás cothromaíocht inscne a áirithiú ar na leibhéil bhainistíochta sa todhchaí;

11. á thabhairt dá haire go ndearnadh atheagrú inmheánach san Údarás chun a ról maoirseachta a neartú trí roinnt foirne a bhogadh trasna ranna agus roinnt foirne a aistriú go haonaid sa Roinn Próiseas Maoirseachta agus sa Roinn Maoirseachta;

Soláthar

12. á thabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte gur shínigh an tÚdarás an 19 Bealtaine 2020 conradh chun cúrsaí oiliúna ar an láthair a chur ar fáil ar luach measta conartha de EUR 1 050 000; á thabhairt dá haire barúil na Cúirte, in ainneoin ghéarchéim phaindéim COVID-19 a bheith ag titim amach ag an am, agus srianta a bheith ar imeachtaí ar an láthair, gur shínigh an tÚdarás an conradh agus ina dhiaidh sin leasú ar an gconradh i mí Lúnasa 2020 ar áiríodh ann míreanna nua sa chonradh amhail cúrsaí oiliúna fíorúla a sholáthar; á thabhairt dá haire gur socraíodh na cúrsaí fíorúla sin ar phraghsanna seasta a bhí níos airde ná an praghas ar na cúrsaí oiliúna ar an láthair a comhaontaíodh sa chéad chonradh agus gurbh ionann na hathruithe sin agus coinníollacha conartha nua a d'fhéadfadh, dá mbeidís mar chuid den nós imeachta soláthair tosaigh, breis tairgeoirí a mhealladh ar chostas níos iomaíche ó tharla nach raibh aon teorannú geografach i gceist leis an ngá le hoiliúint phearsanta; á thabhairt dá haire conclúid na Cúirte go raibh síneadh mór curtha le raon feidhme na tairisceana, agus gur leasú substaintiúil é an leasú ar an gconradh, rud arbh ionann é agus sárú ar Airteagal 72(4), pointí (a) agus (c), de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus dá bharr gur dhearbhaigh an Chúirt an leasú ar an gconradh agus gach íocaíocht ghaolmhar roimh CBL de EUR 3 850 in 2020 a bheith neamhrialta; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinne an tÚdarás ina leith sin;

([2]) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

([3]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

13. á thabhairt dá haire go ndeirtear i dtuarascáil an Údaráis go síneoidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha uile na gcomhlachtaí rialaithe dearbhú rúin agus dearbhú leasa sula nglacfar isteach sna comhlachtaí rialaithe seo iad, agus i ndiaidh glacadh leo go ndéanfar athnuachan leathbhliantúil ar na dearbhuithe sin agus go bhfuil nósanna imeachta curtha chun feidhme ag an Údarás chun aon choinbhleachtaí leasa iarbhír nó féideartha a bhaineann le comhaltaí agus comhaltaí malartacha a shainaithint, a láimhseáil nó a mhaolú; á thabhairt dá haire go bhfoilsítear an dá dhearbhú a luaitear roimhe seo gan mhoill mhíchuí ar shuíomh gréasáin an Údaráis ar chúiseanna trédhearcachta agus go dtugtar le fios go soiléir ar shuíomh gréasáin an Údaráis freisin go bhfónann comhaltaí nó comhaltaí malartacha an bhoird maoirseoirí mar chomhaltaí boird bainistíochta freisin nó mar chomhaltaí malartacha boird bainistíochta; á thabhairt dá haire gur geal léi go bhfoilsíonn an tÚdarás CVanna na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha ar a shuíomh gréasáin;

Rialú Inmheánach

14. á thabhairt dá haire gur geal léi go bhfuil gach moladh ríthábhachtach agus fíorthábhachtach de chuid na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach sa Choimisiúin curtha chun feidhme ag an Údarás agus go gcloíonn sé go dlúth le cur chun feidhme na moltaí atá fágtha;

15. á thabhairt dá haire barúil na Cúirte nach bhfuil córas rialaithe ex ante ná ex post i bhfeidhm ag an Údarás chun a fhíorú cibé an bhfuil méid na gcostas a aisíoctar leis na húdaráis náisiúnta nó a iarrann na húdaráis náisiúnta maidir le saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNEanna) mar a comhaontaíodh; á thabhairt dá haire maidir leis sin gur aisíoc an tÚdarás olltuarastal bheirt SNE ó dhá údarás náisiúnta éagsúla i leith thréimhse iomlán a n-iasachta, lenar íocadh na méideanna EUR 71 875 agus EUR 74 880 roimh ré leis na húdaráis náisiúnta faoi seach gan fíorú iomchuí a bheith déanta go raibh an méid a bhí le haisíoc cruinn, agus leis sin gur nochtadh an tÚdarás don riosca go bhféadfadh aisíoc ar chostas foirne SNEanna a bheith á ríomh ar bhonn costais mhíchruinne, nó nach bhféadfaí athruithe ar chostais foirne ina dhiaidh sin a ghabháil agus dul i ngleic leo in am; á thabhairt dá haire gur geal léi freagairt an Údaráis ar bharúlacha na Cúirte trí rialuithe i gcomhaontuithe SNEanna amach anseo a threisiú.

16. á thabhairt dá haire gur thug an tÚdarás faoi mheasúnú bliantúil ar chreat rialaithe inmheánaigh an Údaráis, agus gur tháinig ar an gconclúid go bhfuil gach comhpháirt agus prionsabal curtha chun feidhme agus go bhfuil ag feidhmiú mar atá beartaithe, le roinnt feabhsuithe de dhíth; ag meabhrú thoradh na Cúirte maidir le méid na gcostas a aisíocadh leis na húdaráis náisiúnta agus arna n-iarraidh ag na húdaráis náisiúnta i leith SNEanna agus á thabhairt dá haire go bhféadfadh gurb ionann toradh seo na Cúirte, ar ghlac an tÚdarás leis, is laige i bprionsabal rialaithe inmheánaigh 10 (Gníomhaíochtaí rialaithe a mhaolaíonn rioscaí a roghnú agus a fhorbairt) agus i bprionsabal 12 (Gníomhaíochtaí rialaithe a úsáid trí bheartais agus nósanna imeachta) agus a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar fheidhmiú chomhpháirt rialaithe inmheánaigh 3 (Rialú gníomhaíochtaí); á thabhairt dá haire freisin toradh na Cúirte maidir le soláthar, a bhféadfadh gurb ionann é is laige sna prionsabail rialaithe inmheánaigh chéanna; á iarraidh ar an Údarás a mhíniú don údarás um urscaoileadh mar a rinneadh na laigí arna sainaithint ag an gCúirt a bhreithniú i measúnú rialaithe inmheánaigh an Údaráis agus fós gur tháinig ar an gconclúid go raibh gach comhpháirt agus prionsabal ag feidhmiú mar a bhí beartaithe;

Freagairt COVID-19 agus leanúnachas gnó

17. á thabhairt dá haire gur chuir an tÚdarás bearta éagsúla chun feidhme maidir leis an bhfoireann, cuairteoirí agus comhaltaí an bhoird chun scaipeadh an víris COVID-19 a mhoilliú agus chun leanúnachas gnó a chinntiú agus á thabhairt dá haire go háirithe gur lean comhaltaí foirne uile an Údaráis, na gcomhlachtaí rialaithe agus na ngrúpaí oibre ag obair ó chian, ag baint tairbhe as na sruthanna oibre uathoibríocha a bhí i bhfeidhm cheana; á thabhairt dá haire gur thuairiscigh an tÚdarás coigilteas buiséid de thart ar EUR 1 000 000, go príomha mar thoradh ar thaisteal foirne a bheith curtha ar fionraí agus gur go cianda amháin a bhí cruinnithe foirne, cruinnithe an bhoird bainistíochta agus bhord na maoirseoirí;

Tuairimí eile

18. á thabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht bileoga eolais ar fáil don phobal i gcoitinne in 2020, bileoga eolais a scaipeadh ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid a bhféadfadh tomhaltóirí a bheith ag dréim leis óna gcuideachta árachais i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, agus cad iad na nithe ar cheart do thomhaltóirí smaoineamh orthu i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas;

19. á chur in iúl gur geal léi comhoibriú leanúnach an Údaráis le gníomhaireachtaí eile i réimse na teicneolaíochta faisnéise; á thabhairt dá haire go ndearnadh SYSPER a rolladh amach i mí Mheán Fómhair 2020, go ndearnadh obair ar uirlis vótála ar líne le haghaidh cruinnithe boird, bunaithe ar bhogearraí atá roghnaithe cheana ag gníomhaireachtaí eile, agus gur cuireadh cur chun feidhme roinnt tionscnamh tábhachtach slándála a caibidlíodh go comhpháirteach; á iarraidh ar an Údarás tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn maidir le pleanáil Lárionad Oibríochtaí Slándála comhroinnte leis an Údarás Baincéireachta Eorpach, agus ar phleanáil spáis chomhroinnte cumarsáide agus comhoibrithe do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus dá ngeallsealbhóirí go léir;

20. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([4]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.